An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

****Íomhánna ar fáil anseo****

15 Márta 2023

# Tugtar cead pleanála d'athfhorbairt uaillmhianach Dhánlann Crawford

## *Cloch mhíle thábhachtach é an cinneadh in athbheochan na hinstitiúide, dar leis an Aire Martin*

Chuir Catherine Martin, an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán fáilte roimh chinneadh Chomhairle Chathair Chorcaí inniu cead pleanála a thabhairt d'athfhorbairt Dhánlann Crawford. Dhear foireann dearaidh idirdhisciplíneach an tionscadal, atá á mhaoiniú ag Roinn an Aire, faoi cheannas Grafton Architects a bhfuil gradaim buaite acu, agus tá sé á sheachadadh ag Oifig na nOibreacha Poiblí agus ag Dánlann Crawford.

Déanfaidh an tionscadal Dánlann Crawford a leathnú agus a nuachóiriú ag teacht le caighdeáin idirnáisiúnta músaeim, ag soláthar spásanna taispeántais nua agus áis Foghlama agus Fionnachtana chun lucht féachana nua a mhealladh, chomh maith le gailearaí poiblí nua ina mbeifear in ann cuid mhaith de chathair Chorcaí a fheiceáil. Tabharfar aghaidh san athfhorbairt freisin ar dhúshláin fhadtéarmacha maidir le creatlach an fhoirgnimh stairiúil, ag soláthar spásanna stórála sainoiriúnaithe don Bhailiúchán Náisiúnta, agus feabhsóidh sé go suntasach inbhuanaitheacht an fhoirgnimh. Is ríthábhachtach go gcruthóidh an tionscadal bealach isteach nua ó Phlás Emmet, ag oscailt Dánlann Crawford amach ar phlás uirbeach nua i gcroílár shaol cultúrtha na cathrach. Fanfaidh an Gailearaí ar oscailt do chuairteoirí go dtí Fómhar 2024 agus ina dhiaidh sin cuirfear tús leis an athfhorbairt ar an láthair.

Is tionscadal suaitheanta é athfhorbairt Dhánlann Crawford i gclár infheistíochtaí an Aire faoin bPlean Forbartha Náisiúnta, ina ndéanfar athchóiriú agus athnuachan ar go

leor de na Forais Náisiúnta Cultúir is ansa linn, agus déanfar iad a chosaint do na glúnta atá le teacht.

**Ag labhairt inniu, dúirt an tAire Martin:**

*"Is iontach an scéal é fógra an lae inniu do Dhánlann Crawford, do mhuintir Chorcaí agus do lucht ealaíon ar fud na hÉireann. Leis an dearadh seo tá Grafton Architects, i gcomhar le foireann gailearaí agus foireann deartha tiomnaithe, tar éis an institiúid ionúin seo a athshamhlú, ag cur beocht as an nua sa ghailearaí atá báúil le struchtúr stairiúil an fhoirgnimh agus ag an am céanna ag soláthar spásanna taispeántais agus foghlama breise a bhfuil géarghá leo. Níl sa Crawford ach ceann amháin de na Forais Náisiúnta Cultúir a gheobhaidh maoiniú le haghaidh athfhorbartha faoin bPlean Forbartha Náisiúnta. Is cloch mhíle thábhachtach sa chlár é cead pleanála a thabhairt inniu agus leagann sé caighdeán síos do na tionscadail atá le teacht."*

**Dúirt an tAire Patrick O'Donovan, Aire Stáit sa Roinn Fiontar Poiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóiriú:**

*"Tá lúcháir orm faoi chinneadh Chomhairle Chathair Chorcaí inniu an t-iarratas pleanála do Thionscadal Athfhorbartha Dhánlann Crawford a cheadú. Tabharfaidh sé seo deis dúinn dul ar aghaidh lenár gclár saothair chun láithreacht amhairc bhailiúcháin an Ghailearaí a fheabhsú, agus an foirgneamh stairiúil a chaomhnú agus spás bríomhar nua a sholáthar don ealaín agus don phobal le bualadh le chéile i gcroílár na cathrach."*

**Dúirt Rose McHugh, cathaoirleach Dhánlann Crawford:**

*"Is tráth corraitheach é do Dhánlann Crawford agus cinnteoidh an plean uaillmhianach seo a bhfuil ardmheas air, go bhfanfaidh Crawford ag croílár shaol cultúrtha Chorcaí agus na hÉireann amach anseo."* Ghabh sí buíochas leis an bhfoireann a ghlac páirt ann agus le OOP agus leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán as a gcomhoibriú ar gach gné den tionscadal.

**CRÍOCH**

An Oifig Preasa agus Eolais
An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media
Teil: 087 6737338 / 087 7374427
Ríomhphost: press.office@tcagsm.gov.ie
Suíomh gréasáin: An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Twitter: @DeptCultureIrl
Instagram: Tourism.Culture.Gaeltacht
Facebook: DepartmentofTourismCultureArtsGaeltachtSportandMedia

**Nótaí d'Eagarthóirí:**

Inniu tugadh cead pleanála foirmiúil d'athfhorbairt Dhánlann Crawford, Corcaigh. Tá an tionscadal mar chuid de chlár infheistíochta suntasach an Aire sna Forais Náisiúnta Cultúir, faoin bPlean Forbartha Náisiúnta.

Soláthróidh an tionscadal na nithe seo a leanas:

Athdhíriú suntasach ar spás reatha an Ghailearaí, agus bealach isteach nua athlonnaithe go dtí foirgneamh stairiúil Theach an Chustaim, ag féachaint amach ar Phlás Emmet.
Soláthróidh an tionscadal spásanna nua agus feabhsaithe suntasacha lena n-áirítear iad seo a leanas:

- c. 236m cearnach de ghailearaí breise nuathógtha / spás taispeántais lena n-áirítear gailearaí poiblí nua ina mbeifear in ann cuid mhaith den chathair a fheiceáil
- c. 640m cearnach de spás breise nuathógtha inar féidir siúl thart
- c. 100m cearnach de spás fáiltithe
- c. 316m cearnach de spás stórála bailiúcháin ealaíne nuathógtha chun na bailiúcháin náisiúnta a chosaint agus chun aire a thabhairt dóibh
- c. 245m cearnach de spás coimhdeach breise nuathógtha
- c. 74 méadar cearnach d'áis nua Foghlama agus Fionnachtana
- c. 175m cearnach de spás clóis nua

Déanfar na gailearaithe agus na spásanna poiblí atá ann cheana féin a dhéanamh níos inrochtana agus níos cuimsithí go sóisialta.

Déanfar creatlach stairiúil an fhoirgnimh a chosaint agus an foirgneamh a ullmhú don todhchaí le hinfheistíocht shuntasach san inbhuanaitheacht.

.

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

****Images available here****

15 March 2023

# Planning permission granted for ambitious redevelopment of Crawford Art Gallery

## *Minister Martin hails the decision as an important milestone in revitalisation of Cork institution*

Catherine Martin, Minister for Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media has welcomed today's decision by Cork City Council to grant planning permission for the redevelopment of Crawford Art Gallery. The project, which is being funded by the Minister's Department, has been designed by an interdisciplinary design team, led by award-winning Grafton Architects, and is being delivered by the Office of Public Works and Crawford Art Gallery.

The project will expand and modernise Crawford in line with international museum standards, providing new exhibition spaces and a Learn and Explore facility to engage new audiences, as well as a new public gallery providing panoramic views of Cork city. The redevelopment will also address long-standing challenges with the fabric of the historic building, providing fit-for-purpose storage spaces for the National Collection, and will significantly enhance the sustainability of the building. Critically, the project will create a new entrance onto Emmett Place, opening Crawford onto a new urban plaza at the heart of the cultural life of the city. The Gallery will remain open to visitors until the Autumn of 2024 after which time the redevelopment will commence on-site.

The redevelopment of Crawford Art Gallery is a flagship project in the Minister's programme of investments under the National Development Plan, which will see many of the much-loved National Cultural Institutions restored, renewed and future-proofed for generations to come.

**Speaking today, Minister Martin, said:**

*"Today's announcement is wonderful news for the Crawford Gallery, for the people of Cork and for art lovers across Ireland. With this design Grafton Architects, in collaboration with gallery staff and a dedicated design team, have re-imagined this beloved institution, designing a revitalised gallery which is sympathetic to the building's historic structure while also delivering much-needed additional exhibition and learning spaces. The Crawford is just one of the National Cultural Institutions earmarked to receive funding for redevelopment under the National Development Plan. Today's grant of planning permission is an important milestone in the programme and it sets the bar high for the projects to come."*

**Minister Patrick O'Donovan, Minister of State at the Department of Public Enterprise, National Development Plan Delivery and Reform, said:**

*"I am delighted with the announcement by Cork City Council to approve the planning application for the Crawford Art Gallery Redevelopment Project. This will allow us to progress with our programme of works to enhance the visual presence of the Gallery collections, while preserving the historic building and providing a vibrant new space for art and the public to meet in the heart of the city."*

**Chair of the Crawford Art Gallery, Rose McHugh, said:**

*"'It is an exciting time for Crawford Art Gallery and this ambitious and well considered plan will ensure Crawford remains at the core of Cork and Ireland's cultural life into the future.".* She thanked the team involved and the OPW and the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media for their collaboration on all elements of the project.

**ENDS**

Press and Information Office

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media
Tel: 087 6737338 / 087 7374427
Email: press.office@tcagsm.gov.ie
Website: Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media
Twitter: @DeptCultureIrl
Instagram: Tourism.Culture.Gaeltacht
Facebook: DepartmentofTourismCultureArtsGaeltachtSportandMedia

**Notes to Editor:**

Today marks the formal grant of planning permission for the redevelopment of the Crawford Art Gallery, Cork. The project is part of the Minister's significant programme of investment in the National Cultural Institutions, under the National Development Plan.

The project will deliver the following:

A significant reorientation of the existing Gallery space, with the new entrance relocated to the historic Custom House building, facing onto Emmet Place.
The project will provide for significant new and enhanced spaces including the following:

- c. **236** sq. m of **new build** additional gallery / exhibition space including a new public gallery with panoramic views of the city
- c. **640** sq. m of **new build** additional circulation space
- c. **100** sq. m of reception area space
- c. **316** sq. m of **new build art collection** storage space to protect and care for the national collections
- c. **245** sq. m of **new build** additional ancillary space
- c. **74** sq. m for a new Learn and Explore facility
- c. **175** sq. m of new courtyard space

The existing galleries and public spaces will be made more accessible and socially inclusive.

The historic fabric of the building will be protected and the building future-proofed with significant investment in its sustainability.

.